An tÚdarás Inniúil um Thorann Aerárthaí

Aircraft Noise Competent Authority

# AN TÚDARÁS INNIÚIL UM THORANN AERÁRTHAÍ **TUARASCÁIL BHLIANTÚIL** 2024

# CLÁR ÁBHAIR


| | |
|---|---|
| Teachtaireacht ón bPríomhfheidhmeannach | 4 |
| Réamhrá ón Stiúrthóir maidir le tuarascáil 2024 | 5 |
| Misean agus Cuspóir ANCA | 6 |
| Ár Ráiteas Misin | 7 |
| Ár gCuspóirí | 7 |
| Struchtúr Eagraíochtúil | 7 |
| Príomhghníomhaíochtaí ANCA in 2024 | 8 |
| Measúnú a dhéanamh | 9 |
| Tuairisciú a dhéanamh | 11 |
| Monatóireacht a dhéanamh | 18 |
| Dul i dteagmháil | 20 |
| Rialachas agus Comhlíonadh Airgeadais | 21 |
| Caiteachas 2024 | 21 |
| Ioncam | 21 |
| Príomhthosaíochtaí do 2025 | 22 |
| Ráiteas Comhlíontachta | 24 |
| Faisnéis Bhreise | 24 |

# TEACHTAIREACHT ÓN BPRÍOMHFHEIDHMEANNACH

**Aithneoidh gach duine a bhfuil leas acu in Aerfort Bhaile Átha Cliath, na buntáistí agus na tionchair a bhaineann leis araon, an raon leathan saincheisteanna a pléadh, a dtacaítear leo agus a dtabharfar dúshlán dóibh le linn 2024. Leantar d'aghaidh a thabhairt ar go leor gnéithe d'oibríocht aerfoirt a bhféadfadh tionchar torainn aerárthaí gaolmhar a bheith acu trí phleanáil agus trí phróisis dhlíthiúla eile.**



**Tá sé chomh tábhachtach anois, is a bhíonn i gcónaí, go bhfuil creat cuimsitheach cothrom i bhfeidhm ag an aerfort a chothromaíonn fás eacnamaíoch le sláinte agus folláine na bpobal máguaird.**

Aithnítear Aerfort Bhaile Átha Cliath mar rannpháirtí suntasach leis an ngeilleagar náisiúnta agus réigiúnach trí fhostaíocht, turasóireacht agus trádáil. Tá sé chomh tábhachtach anois, is a bhíonn i gcónaí, go bhfuil creat cuimsitheach cothrom i bhfeidhm ag an aerfort a chothromaíonn fás eacnamaíoch le sláinte agus folláine na bpobal máguaird. Tacaíonn Comhairle Contae Fhine Gall le beartas náisiúnta fáis ag an aerfort agus ghlac sí leis an bPlean Forbartha Contae mar chreat chun a áirithiú go dtarlaíonn fás ar bhealach struchtúrtha agus inbhuanaithe. Tá rannpháirtíocht an phobail ag croílár na cinnteoireachta i gComhairle Contae Fhine Gall, ag leibhéal straitéiseach agus trí fheidhmiú laethúil beartais araon, amhail an measúnú ar iarratais phleanála aonair. Leanfaidh an fhorbairt leanúnach ar chreat cuimsitheach i ndáil le bainistiú torainn aerárthaí ag an aerfort de bheith ina tosaíocht don ANCA sa bhliain atá le teacht de réir mar a dhéantar measúnú agus maolú ar thionchar ionchasach torainn aerárthaí na n-iarratas pleanála aonair agus de réir mar a chinntear toradh aon achomharc.

Trí na próisis seo, áiritheoidh mé go gcloisfear agus go mbreithneofar gach glór nuair a dhéantar cinntí a d'fhéadfadh cur isteach ar ár dtodhchaí comhroinnte sóisialta agus eacnamaíochta.

**AnnMarie Farrelly**

Príomhfheidhmeannach
Comhairle Contae Fhine Gall

# RÉAMHRÁ ÓN STIÚRTHÓIR MAIDIR LE TUARASCÁIL 2024



**Sa tuarascáil bhliantúil seo, leagtar béim ar obair ANCA le linn 2024 agus tá áthas orm éagsúlacht na dtionscadal a chur i láthair, a cuireadh i gcrích le linn na bliana agus a chuirfear i gcrích amach anseo araon.**

> Leanfaidh ANCA d'áirithiú go mbeidh cosaint na sláinte agus na taitneamhachta mar chuid de gach próiseas a thagann faoi shainchúram an údaráis.

Leanfar le measúnú críochnúil ar gach togra forbartha a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar thimpeallacht torainn aerárthaí timpeall Aerfort Bhaile Átha Cliath mar ghné lárnach d'obair an údaráis. Trí na measúnuithe sin, áiritheoidh ANCA go bhféadfaidh na páirtithe leasmhara go léir a bheith rannpháirteach ar bhealach eolach chun torann aerárthaí a bhainistiú.

Is tionscal an-rialaithe í an eitlíocht a fhaigheann tacaíocht ó theicneolaíocht a bhíonn ag forbairt go leanúnach in aerárthaí ar féidir leo bheith i seirbhís go ceann tamall fada. Tá sé tábhachtach go mbíonn straitéis chomhleanúnach um bainistiú torainn ann a bhíonn in ann an oiread cinnteachta agus is féidir a sholáthar amach anseo do phobail, d'údarás an aerfoirt agus d'oibreoirí aerárthaí. Ní mór idirghabhálacha a bheith bunaithe ar mheasúnuithe cuimsitheacha a spreagfaidh úsáid teicneolaíochtaí nua agus a choimeádfaidh aon fheabhsuithe is féidir a bhaint amach don timpeallacht torainn. Déantar an-doiciméadú ar éifeachtaí díobhálacha torainn timpeallachta, agus fáiltím roimh an taighde go léir a leanann de bhonn eolais a chur faoin bpobal agus faoin tionscal. Leanfaidh ANCA d'áirithiú go mbeidh cosaint na sláinte agus na taitneamhachta mar chuid de gach próiseas a thagann faoi shainchúram an údaráis.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a chur in iúl don iliomad daoine aonair ó raon leathan geografach de phobail timpeall an aerfoirt a ghlac an t-am a gcuid eispéireas agus tuairimí aonair a roinnt liomsa agus leis an ANCA le linn 2024. Is féidir liom a dhearbhú go dtugtar aird iomlán ar gach dearcadh i gcomhthéacs obair an údaráis. Táim ag tnúth le leanúint leis an gcaidreamh seo leis na páirtithe leasmhara go léir in 2025.

**Ethna Felten**

Stiúrthóir Seirbhísí
An tÚdarás Inniúil um Thorann Aerárthaí

# MISEAN AGUS CUSPÓIR ANCA

**Bunaithe in 2019, is é an tÚdarás Inniúil um Thorann Aerárthaí (ANCA) an rialtóir neamhspleách chun torann aerárthaí a bhainistiú ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus timpeall air.**

**Tá feidhmeanna an údaráis bunaithe i reachtaíocht a eascraíonn as prionsabail a comhaontaíodh idir na tíortha rannpháirteacha ag rannán speisialaithe na Náisiún Aontaithe.**

**Glactar leis an gcur chuige seo chun torann aerárthaí a bhainistiú ar bhonn comhsheasmhach ar fud an Aontais Eorpaigh, ag áirithiú go mbaintear an chothromaíocht is fearr amach idir cosaint shláinte an duine agus an chomhshaoil, agus oibriú éifeachtach an ghréasáin iompair Eorpaigh.**




CÉ SINN

## ÁR RÁITEAS MISIN

Is é misean ANCA a áirithiú go ndéantar anailís, cumarsáid, bainistiú agus laghdú ar thionchar torainn aerárthaí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus sna comharsanachtaí máguaird le himeacht ama.

## ÁR GCUSPÓIRÍ

Áiritheoidh ANCA go gcuirfear prionsabail bhainistithe torainn aerárthaí idirnáisiúnta, a dtugtar éifeacht dhlíthiúil dóibh trí reachtaíocht na hEorpa agus na hÉireann, i bhfeidhm go trédhearcach agus go héifeachtach. Tá rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara lárnach i ngach cinneadh a dhéanann ANCA chun tionchar torainn aerárthaí a bhainistiú, agus déanfaimid é seo a éascú i gcónaí.

## STRUCHTÚR EAGRAÍOCHTÚIL

Tá foireann thiomanta ag ANCA a bhfuil saineolas acu atá lárnach chun ár gcuspóirí a bhaint amach. Feabhsaítear ár gcroífhoireann trí thacaíocht ó shaineolaithe tionscail agus acadúla i réimsí **na fuaimíochta, na heitlíochta, na heolaíochta comhshaoil, agus na hanailíse sonraí**.

Ligeann an meascán seo de shaineolas agus de thaithí dúinn monatóireacht, anailísiú agus bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar thorann aerárthaí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Coimeádaimid naisc freisin le hollscoileanna in Éirinn agus i dtíortha eile a bhfuil baint acu le taighde eolaíoch a bhaineann lenár gcuid oibre. Comhoibrímid go dlúth le páirtithe leasmhara agus le pobail chun faisnéis a chur ar fáil agus treoir agus tacaíocht theicniúil a sholáthar chun a áirithiú go bhfuil straitéisí bainistithe torainn éifeachtach agus inbhuanaithe araon.

Tá ANCA tiomanta do sheasamh leis na caighdeáin is airde i mbainistiú torainn aerárthaí agus ár sainordú a chomhlíonadh go hionraic agus go héifeachtach.

# PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ IN 2024

Leanamar de bheith ag obair le húdarás an aerfoirt ar leathnú an líonra monatóireachta torainn i bpobail timpeall an aerfoirt, agus sonraí ar fáil ar líne ar bhonn beagnach beo.

D'oibríomar leis an údarás pleanála chun measúnú a dhéanamh ar roinnt iarratas pleanála a bhaineann le forbairt bheartaithe ag an aerfort chun a fháil amach an mbeadh aon ghnéithe de thorann aerárthaí ar ghá measúnú breise a dhéanamh orthu.

D’ullmhaíomar agus d’fhoilsíomar tuarascáil ar éifeachtacht na mbeart bainistíochta torainn ag Aerfort Bhaile Átha Cliath ag féachaint do na cuspóirí torainn atá bunaithe ag ANCA don aerfort.

D’fhoilsíomar léarscáileanna tionchair torainn don bhliain 2023, chun cur lenár dtuiscint ar conas a leanann aeráid torainn an aerfoirt de bheith ag forbairt bliain i ndiaidh bliana.

Rinneamar athbhreithniú ar thuarascáil an údaráis aerfoirt ar chomhlíonadh na mbeart maolaithe torainn atá i bhfeidhm ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, agus d'fhoilsíomar í.

Chuamar i dteagmháil le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear pobail timpeall an aerfoirt, ionadaithe tofa áitiúla agus mic léinn, chun feasacht a ardú ar obair ANCA agus chun éisteacht le heispéiris phearsanta.

Rinneamar bainistiú ar níos mó ná 700 uiríoll a rinneadh chuig ANCA ag lorg faisnéise nó ag cur imní in iúl.

MEASÚNÚ A DHÉANAMH

# MEASÚNÚ A DHÉANAMH

Tá an próiseas rialaithe torainn aerárthaí in Éirinn nasctha go dlúth leis an bpróiseas pleanála agus forbartha. Freastalaíonn ANCA ar chruinnithe réamhphleanála idir an t-aerfort agus údaráis phleanála chun comhairle a thabhairt maidir le torann aerárthaí a bhainistiú.

Tá gach iarratas pleanála ar fhorbairt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath faoi réir scrúdú teicniúil ag ANCA. Déantar é seo chun a fháil amach an dteastaíonn bearta sonracha ó na forbairtí beartaithe chun aon tionchar torainn aerárthaí a bhainistiú.

Is féidir achomharc a dhéanamh chuig an mBord Pleanála maidir le haon toilithe pleanála ina bhfuil cinntí rialála de chuid ANCA.

## Próisis mheasúnaithe atá ar siúl faoi láthair:

### Oibríochtaí Aerárthaí Oíche

Cheadaigh an t-údarás pleanála iarratas ó údarás aerfoirt d'Aerfort Bhaile Átha Cliath chun na coinníollacha pleanála reatha a bhaineann le hoibríochtaí aerárthaí oíche a leasú in 2022 ach tá achomharc á dhéanamh fós. Áiríodh leis an toiliú pleanála srianta oibriúcháin agus bearta maolaithe torainn, arna mbunú ag ANCA, tar éis measúnú mionsonraithe agus próiseas de chomhairliúchán poiblí.

### Méadú ar Acmhainn Chríochfoirt

Tar éis réamh-mheasúnaithe maidir le hiarratas pleanála a cuireadh isteach i mí na Nollag 2023 le haghaidh méadú ar acmhainn bonneagair agus críochfoirt go 40 milliún paisinéir in aghaidh na bliana, chinn ANCA go raibh measúnú mionsonraithe ag teastáil ar an ngá le bearta bainistithe torainn. Chun bonn eolais a chur faoin measúnú riachtanach, i mí an Mhárta 2024, d'ordaigh ANCA d'údarás an aerfoirt sonraí oibríochtúla breise a sholáthar. Ní raibh aon sonraí faighte ag ANCA sular foilsíodh an tuarascáil seo.

Áireofar i bpróiseas measúnaithe ANCA tréimhse comhairliúcháin agus rannpháirtíochta poiblí. Déanfar é sin lena áirithiú gur féidir gach dearcadh a chur in iúl agus a bhreithniú.

I mí na Nollag 2024, cuireadh iarratas pleanála ar leith faoi bhráid an údaráis pleanála le haghaidh acmhainn aerfoirt de 36 milliún paisinéir in aghaidh na bliana. Cé gur chuir ANCA tús le réamh-mheasúnú ar an iarratas sin ar an ngá atá le bearta bainistithe torainn, tugadh an measúnú sin chun críche gan chinneadh tar éis don údarás pleanála a mheas i mí Eanáir 2025 go raibh an t-iarratas iomlán neamhbhailí.

### Iarratais phleanála eile

Le linn 2024, rinne ANCA athbhreithniú ar ocht n-iarratas pleanála breise a bhain le hAerfort Bhaile Átha Cliath. Níor sainaithníodh aon acmhainneacht torainn aerárthaí a d'éileodh measúnú mionsonraithe ar na hiarratais sin ar bhearta nua bainistithe nó rialaithe torainn. Ina dhiaidh sin, déanann an t-údarás pleanála cinntí ar na hiarratais sin gan ionchur breise ón ANCA.

Tá níos mó sonraí ar na próisis sin ar fáil ar shuíomhanna gréasáin ANCA, na n-údarás pleanála agus na n-údarás achomhairc.

## 2024 in Uimhreacha

**10**
nIarratas pleanála a chuir an t-údarás pleanála ar aghaidh chuig ANCA

**700+**
Iarratas ar fhaisnéis

**8**
Monatóir nua torainn coimisiúnaithe


MEASÚNÚ A DHÉANAMH

# TUAIRISCIÚ A DHÉANAMH

Bhí roinnt gnéithe den rialachán lena rialaítear bainistiú gníomhaíochta aerárthaí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath fós i bpróisis phleanála nó achomhairc le linn 2024. Idir an dá linn, leanfaidh ANCA de chéim fhoirmiúil de bhreathnóireacht mhionsonraithe a choinneáil, chun a áirithiú go ndéanfar aon torthaí ábhartha a eascraíonn as próisis rialála eile a ionchorprú inár gcinntí.

### Cuspóir Laghdaithe Torainn

In 2022, bhunaigh ANCA plean bainistithe torainn d'Aerfort Bhaile Átha Cliath. Tugtar **cuspóir laghdaithe torainn** ar an bplean sin, agus sainíonn sé na laghduithe ar thionchar torainn atá le baint amach sna blianta amach romhainn. Le linn 2024, d'ullmhaigh agus **d'fhoilsigh ANCA tuarascáil** ar éifeachtacht na mbeart bainistithe torainn ag Aerfort Bhaile Átha Cliath ag féachaint do na cuspóirí torainn a bunaíodh don aerfort. I gcomhthéacs timpeallacht torainn a bhíonn ag athrú, sainaithníodh sa tuarascáil na cuspóirí atá chun tosaigh ar na spriocanna seachadta agus na cuspóirí sin nach bhfuil chun tosaigh. Tabharfaidh measúnuithe agus próisis rialála ANCA amach anseo aird ar thorthaí na tuarascála seo. Tá an tuarascáil ar fáil ar shuíomh gréasáin ANCA.




Tar éis oscailt an dara rúidbhealach príomhúil ag Aerfort Bhaile Átha Cliath in 2022, tá athrú suntasach tagtha ar dháileadh an torainn aerárthaí timpeall an aerfoirt. Tá an rúidbhealach trasghaoithe níos giorra (16/34) teoranta anois le húsáid le haghaidh sábháilteachta agus le haghaidh imeachtaí suntasacha aimsire agus rinneadh patrún na n-eitiltí isteach agus amach a athdháileadh idir dhá rúidbhealach comhthreomhara an aerfoirt i gcomhréir le téarmaí an toilithe pleanála. Tá an rúidbhealach thuaidh ar fáil freisin le húsáid idir 07:00 agus 23:00.

### Cad iad na bearta a chinn ANCA?

Rinne ANCA foráil don athdháileadh sin ar thrácht aerárthaí trí chinneadh rialála, le bearta a fhéachann le himscaradh aerárthaí níos nuaí a bhfuil tionchar torainn níos ísle acu a dhreasú.

TUAIRISCIÚ A DHÉANAMH

Agus aithint ann go mbeidh tionchar torainn ag aerfort idirnáisiúnta nach féidir a dhíchur, rinneadh foráil sa chinneadh rialúcháin do bhearta inslithe na dtithe is mó a mbíonn tionchar ag an athrú ar thorann aerárthaí orthu. Tá sé seo i gcomhthráth le cosc ar na haerárthaí is torannaí rochtain a fháil ar an aerfort san oíche. Tá an cinneadh rialála fós faoi achomharc.

Fáiltíonn ANCA roimh rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara go léir le linn an phróisis um rialáil torainn aerárthaí. Chun rannpháirtíocht eolasach a éascú, déanann agus foilsíonn ANCA athbhreithnithe rialta ar an timpeallacht torainn timpeall an aerfoirt agus cinntíonn sé go mbíonn faisnéis ar ardchaighdeán ar fáil go leanúnach agus go gcuirtear i láthair í ar bhealach inrochtana.

**Nochtadh oíche do thorann timpeallachta**

Is cúis shuntasach de shuaitheadh codlata é nochtadh oíche do thorann timpeallachta agus d'fhéadfadh go mbeadh sé ina chúis le roinnt fadhbanna sláinte gearrthéarmacha agus fadtéarmacha. Is é an líon daoine atá sa chatagóir 'an-suaite codlata' an táscaire caighdeánaithe chun suaitheadh codlata de bharr torann timpeallachta a thomhas.

Éilíonn cuspóirí torainn Aerfort Bhaile Átha Cliath feabhsú leanúnach sa chatagóir seo ó laghdú 30% faoi 2030 go laghdú 50% faoi 2040. Tá na cuspóirí torainn seo ailínithe ag ANCA le moltaí na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS) a fhéachann le teorainn a chur le nochtadh an daonra do leibhéil níos airde nochta torainn.

Tá fianaise láidir ann freisin a nascann torann timpeallachta le míshásamh agus le tionchair dhiúltacha sláinte. Is é an líon daoine atá sa chatagóir 'an-mhíshásta' an táscaire chun míshásamh pobail ó thorann timpeallachta a léiriú. Éilíonn cuspóirí torainn Aerfort Bhaile Átha Cliath feabhsú leanúnach sa chatagóir seo freisin ó laghdú 30% faoi 2030 go laghdú 50% faoi 2040 mar aon le teorainn le nochtadh an daonra do na leibhéil níos airde nochta torainn.

## Dul chun cinn ar an gcuspóir laghdaithe torainn

Léiríodh sa tuarascáil is déanaí ó ANCA in 2024, cé go bhfuil laghduithe ar an líon daoine a bhfuil an-suaitheadh codlata orthu agus atá an-mhíshásta fós de réir sprice i ndáil le laghdú 30% a bhaint amach faoi 2030, níl cuspóirí na teorann nochta torainn á mbaint amach faoi láthair. Tá oibríochtaí oíche ag Aerfort Bhaile Átha Cliath faoi réir imeachtaí leanúnacha dlí agus achomhairc pleanála.


Tá gach tuarascáil a bhaineann le measúnuithe a rinne ANCA le linn 2024 ar fáil ar ár suíomh gréasáin.

## An timpeallacht torainn timpeall Aerfort Bhaile Átha Cliath

Rinne ANCA éabhlóid na timpeallachta torainn timpeall Aerfort Bhaile Átha Cliath a dhoiciméadú agus a **fhoilsiú ar líne** do gach bliain ó 2019. Léiríonn léarscáileanna torainn na limistéir a mbíonn tionchar ag leibhéil éagsúla torainn aerárthaí orthu. Úsáidtear an fhaisnéis seo freisin chun tionchair thorann aerárthaí ar shláinte an duine a ríomh.


Lean gníomhaíocht eitlíochta ag Aerfort Bhaile Átha Cliath ag fás suas go dtí 2019 go dtí gur laghdaigh paindéim COVID-19 taisteal go suntasach sna trí bliana ina dhiaidh sin. Bunaíodh cuspóirí bainistithe torainn don aerfort in 2022 agus déantar iad a thomhas i gcoinne na staide mar a bhí in 2019. Is iad na príomhthorthaí atá le baint amach ná laghduithe ar líon na ndaoine atá sa chatagóir 'an-suaite codlata' nó 'an-mhíshásta', agus teorainn le líon na ndaoine a nochtar os cionn na dtáscairí tosaíochta 65dB lae-tráthnóna-oíche ($L_{den}$) agus 55dB oíche ($L_{night}$). Ba cheart a thabhairt d'aire go léiríonn na méadrachtaí seo nochtadh torainn ar an meán thar bhliain iomlán agus nach bhfuil siad inchomparáide le leibhéal torainn imeacht aerárthaigh aonair.

TUAIRISCIÚ A DHÉANAMH





**Fíor 1** Léarscáil Nochta Torainn Aerárthaí le Láithreacha Monatóirí Torainn Pobail

Léiríonn na sonraí lánbhliana is déanaí atá ar fáil do 2023, mar a fhoilsítear ar ár suíomh gréasáin, go raibh gníomhaíocht eitlíochta don bhliain sin beagán níos airde ná mar a tharla in 2019.




**Fíor 2** An líon iomlán eitiltí sa tréimhse 2019-2023


Faoi 2023, baineadh amach laghduithe suntasacha ar líon na ndaoine sa chatagóir ‘an-suaite codlata’ nó ‘an-mhíshásta’. Chuidigh nuachóiriú an chabhlaigh agus solúbthacht bhreise in oibríochtaí aerfoirt trí oscailt an dara rúidbhealach comhthreomhar ag an aerfort leis an laghdú seo a bhaint amach.




**Fíor 3** Líon na ndaoine ‘An-mhíshásta’ agus ‘An-suaite codlata’ 2019-2023

Laghdú **38%** ar líon na ndaoine 'an-mhíshásta' idir 2019 agus 2023

Laghdú **31%** ar líon na ndaoine 'an-suaite codlata' idir 2019 agus 2023




**Fíor 4** Líon na ndaoine a nochtar do leibhéil a sháraíonn na leibhéil torainn tosaíochta 2019-2023

Cé gur baineadh amach laghduithe ar líon na ndaoine a nochtar do na leibhéil nochta tosaíochta 55dB $L_{night}$ agus 65dB $L_{den}$ iar-COVID, níor coinníodh an treocht seo do 2022 agus 2023. Fanann cur i bhfeidhm bearta bainistithe torainn a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an táscaire seo i roinnt próiseas pleanála agus achomhairc.

Tá tuarascálacha mionsonraithe ar fheidhmíocht na mbeart maolaithe torainn i gcoinne na gcuspóirí laghdaithe torainn d'Aerfort Bhaile Átha Cliath ar fáil ar shuíomh gréasáin ANCA.

### Tuarascáil Bhliantúil Chomhlíontachta

Gach bliain, ullmhaíonn an t-údarás aerfoirt (daa) tuarascáil a bhaineann le comhlíonadh ag oibreoirí aerárthaí na mbeart bainistithe torainn atá i bhfeidhm ag an aerfort. Déantar cur síos **sa tuarascáil is déanaí** a foilsíodh le linn 2024 ar dháileadh agus ar bhainistiú na gníomhaíochta eitlíochta ag an aerfort, liostaítear na bearta maolaithe torainn atá i bhfeidhm chun an torainn a mhaolú agus cuirtear faisnéis i láthair maidir le comhlíonadh na mbeart sin. Tá an tuarascáil ullmhaithe don ghníomhaíocht oibríochta don bhliain roimhe sin agus tá sí ar fáil ar shuíomh gréasáin ANCA le féachaint uirthi nó le híoslódáil.


DublinAirport
INFRASTRUCTURE
Annual Compliance Report 2023
Section 19
D00001- DAA-XXX-XX-XXX-RP-V-XXX-0003
30 August 2024

### Tionchar Torainn Aerárthaí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a chur i láthair


D'ullmhaigh Comhairle Contae Fhine Gall Plean Gníomhaíochta Torainn d'Aerfort Bhaile Átha Cliath le linn 2024. Sa phlean, déantar bainistiú torainn aerárthaí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a scaradh ó phríomhfhoinsí torainn timpeallachta eile lena áirithiú go ndírítear aird ar leith ar thionchar na gníomhaíochta eitlíochta ar fud an réigiúin.

Leanann an plean gníomhaíochta cur chuige coiteann a úsáidtear ar fud an Aontais Eorpaigh chun tionchar torainn aerárthaí a chur i láthair ar bhonn timthriallach cúig bliana. Tá bearta sonracha ann agus réimsí atá le feabhsú lena áirithiú go ndéantar torann aerárthaí a chosc nuair is féidir agus a mhaolú nuair is cuí.

> Is creat coiteann Eorpach iad pleananna gníomhaíochta torainn a ullmhaítear gach cúig bliana chun tionchar na bpríomhfhoinsí torainn timpeallachta a mheasúnú, a thuairisciú agus a bhainistiú.

Tá an **Plean Gníomhaíochta Torainn** agus na léarscáileanna straitéiseacha torainn a bhaineann leis ar fáil ar shuíomh gréasáin ANCA.

# MONATÓIREACHT A DHÉANAMH




Monatóirí torainn pobail sular thosaigh an clár
Monatóirí torainn pobail nua

Chríochnaigh údarás an aerfoirt clár ilbhliantúil le linn 2024 chun líonra cuimsitheach de mhonatóirí torainn aerárthaí a chruthú timpeall Aerfort Bhaile Átha Cliath. Chinn athbhreithniú ANCA ar an líonra in 2020 nár leor na monatóirí a bhí ann cheana féin, (ceann amháin in aghaidh an treo rúidbhealaigh), agus gur cheart iad a fhorlíonadh le monatóirí ag láithreacha breise. Faoi dheireadh 2024, chuir an tionscadal seacht monatóir is fiche ar an iomlán ar fáil in áiteanna éagsúla, a sholáthraíonn faisnéis mhionsonraithe maidir le haerárthaí amach agus isteach. Léiríonn na láithreacha a roghnaíodh raon leathan achair agus airde aerárthach timpeall Aerfort Bhaile Átha Cliath.

Is aonaid shoghluaiste iad dhá cheann de na monatóirí seo ar féidir iad a rothlú i bpobail nach bhfuil buanstáisiún sonraí acu. Áirithíonn sé seo gur féidir le gach pobal rochtain a fháil ar fhaisnéis faoi thionchar torainn aerárthaí ina gceantar.

Tá na láithreacha agus na sonraí ó na monatóirí torainn ar fáil ar an tairseach ghréasáin phoiblí ag www.webtrak.emsbk.com/dub1. Féadfaidh an t-údarás aerfoirt tuairimí a chur isteach le haghaidh athbhreithniú mionsonraithe más rud é go mbíonn aon ábhar imní ann nach bhfuil aerárthaí ag comhlíonadh na nósanna imeachta oibriúcháin atá i bhfeidhm ag an aerfort.

Aithníonn ANCA obair daa maidir le seachadadh an tionscadail shuntasaigh seo a raibh go leor gnéithe casta ag baint leis lena n-áirítear dearadh teicniúil, comhaontuithe talún, toilithe pleanála agus seirbhísí suímh.


## Tionchar Torainn Aerárthaí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a chur i láthair

D'fhoilsigh ANCA léarscáileanna tionchair torainn aerárthaí ar a shuíomh gréasáin do gach bliain ó bunaíodh sinn in 2019. Tá léarscáileanna torainn ar fáil do thréimhsí oíche agus lae-tráthnóna-oíche araon i bhformáid is féidir a chur i gcomparáid le foinsí móra eile torainn timpeallachta a bhaineann le hiompar in Éirinn agus ar fud an Aontais Eorpaigh.



# DUL I DTEAGMHÁIL

## Rannphairtíocht scoileanna




Bhí áthas ar ANCA labhairt le scoláirí idirbhliana agus iad ag smaoineamh ar roghanna gairme trí Expo Scileanna Idirbhliana *Xplore Your Future* Fhine Gall, a reáchtáladh in Helix OCBÁC i mí Dheireadh Fómhair 2024. Chuir foireann ANCA feasacht chun cinn ar obair an údaráis agus ar conas is féidir, trí chláir tríú leibhéal, gairmeacha san innealtóireacht agus sa rialtas áitiúil a fháil.

## Rannpháirtíocht phobail

Tá gníomhaíocht aerárthaí agus oibriú Aerfort Bhaile Átha Cliath údaraithe nó rialaithe ag údaráis neamhspleácha éagsúla. Le linn 2024, rinneadh breis agus seacht gcéad uiríoll pobail chuig ANCA ag lorg faisnéise nó ag díriú ar ábhair imní. Nuair a dhírítear ár n-aird ar shaincheist nach dtagann faoinár sainchúram, cuidíonn ANCA le gach duine a dhéanann teagmháil linn chun an bealach is oiriúnaí don tsaincheist sin a aithint.

Lean ANCA de chuairteanna a thabhairt ar limistéir a bhfuil tionchar ag torann aerárthaí orthu timpeall an aerfoirt le linn 2024 chun nasc leanúnach a choinneáil idir na pobail go léir agus obair an údaráis.



## Teagmháil le Comhaltaí Tofa

Toghadh Comhairleoirí chuig údaráis áitiúla ar fud na tíre sna toghcháin rialtais áitiúil a reáchtáladh i mí an Mheithimh 2024. I mí Dheireadh Fómhair, chuir ANCA forbhreathnú ar ár gcuid oibre i láthair na gComhaltaí Tofa nua de Chomhairle Contae Fhine Gall agus leag siad béim ar an eolas atá ar fáil maidir le tionchar agus bainistíocht torainn aerárthaí.

RIALACHAS AGUS COMHLÍONADH AIRGEADAIS

# RIALACHAS AGUS COMHLÍONADH AIRGEADAIS

Déanann ANCA a chuid oibre mar atá údaraithe agus sainordaithe ag dlí na hEorpa agus ag dlí na hÉireann araon. Déantar an sainordú sin a sheachadadh trí chroífhoireann atá in ann teacht ar shaineolas ón tionscal agus ón saol acadúil ar feadh tréimhsí a bhaineann leis an obair atá ar bun ag an údarás gach bliain airgeadais.

Soláthraíonn ANCA sainseirbhísí teicniúla, dlíthiúla agus timpeallachta trí mheascán de thairiscintí iomaíocha AE agus creataí seirbhísí áitiúla. Cuireann sé seo ar ár gcumas leas a bhaint as dea-chleachtas idirnáisiúnta agus tacaíonn sé le forbairt eacnamaíoch agus le fiontraíocht ag leibhéal áitiúil.

Tá ceannteidil bhuiséid 2024 agus costais do ANCA liostaithe thíos.

## Caiteachas 2024

| Grúpa caiteachais | |
|---|---:|
| Caiteachas riaracháin oibriúcháin | € 12,062 |
| Costais um sholáthar foirne | € 441,521 |
| Sainsoláthraithe seirbhísí teicniúla | € 593,352 |
| Forchostais oifige | € 260,000 |

## Ioncam

Forálann an reachtaíocht go ndéanfar costais oibriúcháin ANCA a eascraíonn as feidhmiú a fheidhmeanna a fhorchúiteamh ó údarás aerfoirt Aerfort Bhaile Átha Cliath. Tá tobhach aerfoirt iníoctha ar bhonn bliantúil i leith na gcostas a thabhaítear sa bhliain roimhe sin.

# PRÍOMHTHOSAÍOCHTAÍ DO 2025

De réir mar a théimid isteach in 2025, leanfaidh ANCA dár gcuspóirí a bhaint amach chun éifeacht a thabhairt do phrionsabail um bainistiú torainn aerárthaí.

## Measúnú a dhéanamh ar mholtaí forbartha ag Aerfort Bhaile Átha Cliath

Tá gach iarratas pleanála ar fhorbairt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath faoi réir scrúdú teicniúil ag ANCA. Déantar é seo chun a fháil amach an dteastaíonn bearta sonracha ó na forbairtí beartaithe chun aon tionchar torainn aerárthaí a bheadh ann a bhainistiú. Tá sé curtha in iúl ag údarás an aerfoirt go bhfuil sé ar intinn acu faomhadh a lorg do thionscadail forbartha trí iarratais phleanála céimnithe a chur isteach in 2025.

**In 2025, déanfaimid an méid seo a leanas:**

- Mionathbhreithniú a dhéanamh ar na hiarratais sin le fáil amach ar cheart bearta breise torainn a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs de chinneadh pleanála foriomlán.
- Aon chinneadh a dhéanamh bunaithe ar scrúdú láidir ar chásanna oibriúcháin reatha agus a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo.
- A áirithiú go leanann rannpháirtíocht an phobail de bheith mar chuid lárnach d'aon chinntí a d'fhéadfadh a bheith riachtanach maidir leis na hiarratais sin.

## Soláthar Faisnéise

Tá ANCA tiomanta do fhaisnéis ábhartha a chur ar fáil don spriocphobal is leithne agus is féidir. Is eol dúinn go dtiocfaidh athrú ar riachtanais faisnéise do go leor páirtithe leasmhara le himeacht ama.

**In 2025, déanfaimid an méid seo a leanas:**

- Leanúint d'iniúchadh a dhéanamh ar gach deis chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar shuíomh gréasáin ANCA mar fhoinse iontaofa faisnéise maidir le torann aerárthaí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath.
- Leanúint de dhul i dteagmháil le páirtithe leasmhara chun an fhaisnéis is déanaí a sholáthar dóibh, agus d'éisteacht le ceisteanna nó le hábhair imní agus freagairt orthu.

PRÍOMHTHOSAÍOCHTAÍ DO 2025

### Bearta inslithe tí

Rinne an toiliú pleanála don rúidbhealach thuaidh foráil do bhearta inslithe do thithe a chomhlíonann na critéir cháilitheacha. Déantar sa scéim foráil freisin d'athbhreithniú gach dhá bhliain ar na háitribh atá incháilithe d'insliú. Áirithíonn sé sin go maolófar athruithe ar an aeráid torainn tríd an gclár inslithe a leathnú chuig tithe breise.

**In 2025, déanfaimid an méid seo a leanas:**

- Leanúint d'áirithiú go mbaineann an t-athbhreithniú le gach teach atá suite laistigh de na comhrianta torainn ábhartha.
- A áirithiú go bhfuil comhrianta incháilitheachta do na bearta sin ar fáil le haghaidh scrúdú ag an bpobal go dtí an leibhéal cuí mionsonraí.

### Plean Gníomhaíochta d'Aerfort Bhaile Átha Cliath

Is plean straitéiseach cúig bliana é an Plean Gníomhaíochta Torainn lena áirithiú go ndéantar tionchar torainn aerárthaí a chainníochtú agus a bhainistiú trí ghníomhaíochtaí tosaíochta aitheanta a chur i bhfeidhm.

**In 2025, déanfaimid an méid seo a leanas:**

- Ár gcuid oibre a ailíniú chun cabhrú le seachadadh na ngníomhaíochtaí a aithnítear i bPlean Gníomhaíochta Torainn d'Aerfort Bhaile Átha Cliath.
- Ár ngníomhaíochtaí a chomhordú le gníomhaíochtaí na n-údarás cur chun feidhme eile.

### Measúnú agus Rialú

Leanfar le linn 2025 leis an bpróiseas measúnaithe a bhféadfadh rialáil a bheith mar thoradh air maidir le bainistiú torainn aerárthaí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Cé nach léireoidh measúnuithe i gcónaí go bhfuil gá le bearta nua bainistithe torainn, tá sé ríthábhachtach go ndéanfaí athruithe ar an timpeallacht torainn a chainníochtú agus a bhreithniú, ag féachaint freisin d'fhorbairtí a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo.

# RÁITEAS COMHLÍONTACHTA

Ullmhaíodh an tuarascáil bhliantúil seo de réir cheanglais Alt 3(9)(c) den Acht um Rialáil Torainn Aerárthaí (Aerfort Bhaile Átha Cliath) 2019.

# FAISNÉIS BHREISE

**Suíomh gréasáin**

**https://www.fingal.ie/aircraftnoiseca**

**Nuashonraithe ar X:**

@aircraftnoiseca

Comhairle Contae
Fhine Gall
Fingal County
Council

An tÚdarás Inniúil um
Thorann Aerárthaí
Aircraft Noise
Competent Authority